C/2024/485

23.1.2024

P9_TA(2023)0240

Céasadh agus ionchúiseamh coiriúil na mionaoiseach Úcránach Tihran Ohannisian agus Mykyta Khanhanov ag Cónaidhm na Rúise

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meitheamh 2023 maidir le Cónaidhm na Rúise do chéasadh agus d'ionchúiseamh go coiriúil mionaoiseach Úcránach, Tihran Ohannisian agus Mykyta Khanhanov (2023/2735(RSP))

(C/2024/485)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh,

— ag féachaint dá rúin roimhe seo maidir leis an Rúis agus leis an Úcráin,

— ag féachaint do Rialacha 144(5) agus 132(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí, an 24 Bealtaine 2023, go ndearna Coiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise Tihran Ohannisian agus Mykyta Khanhanov, a rugadh in 2006, a chúiseamh as sabaitéireacht ar iarnród Berdyansk a phleanáil, más fíor; de bhrí go bhfuil siad ag dul i ngleic le gabháil agus suas le 20 bliain príosúnachta faoi Airteagal 281 de Chód Coiriúil na Rúise agus nach bhfuil cúnamh cuí dlí faighte acu;

B. de bhrí gur tharla ionchúiseamh Ohannisian agus Khanhanov tar éis roinnt míonna den cheistiú brúidiúil ag údaráis na Rúise, a thosaigh an 30 Meán Fómhair 2022, trí iad a bhualadh agus iad a chéasadh trí thurraing leictreach chun admhálacha a fháil uathu, chomh maith le ciapadh ar a dteaghlaigh;

C. de bhrí go bhfuil go leor tuarascálacha ann a thugann le fios go bhfuil údaráis na Rúise ag leanúint dá gcur faoi chois i gcoinne leanaí Úcránacha, na híospartaigh is leochailí i gcogadh foghach na Rúise;

D. de bhrí, de réir ardán Leanaí an Chogaidh de chuid na hÚcráine, go bhfuil 488 leanbh ón Úcráin tar éis bás a fháil mar thoradh ar ionradh na Rúise, mar a thuairiscigh UNICEF freisin, agus gur gortaíodh 1 016 duine ar a laghad, gur díbríodh thart ar 19 500 leanbh chun na Rúise agus go bhfuil 3 924 ar iarraidh; de bhrí gur chomhthacaigh an tuarascáil le déanaí ó Shásra Mhoscó leis an bhfeiniméan sin;

1. á éileamh go gcuirfear deireadh láithreach leis na himeachtaí i gcoinne Ohannisian agus Khanhanov agus go ndéanfar iad a scaoileadh saor láithreach; á iarraidh ar Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) ndéanfar filleadh sábháilte na beirte go dtí críoch na hÚcráine; á iarraidh ar Ionadaí Speisialta na Náisiún Aontaithe ar an Ardrúnaí um Fhoréigean i gCoinne Leanaí imscrúdú a dhéanamh; á iarraidh go gcuirfí na daoine atá freagrach as an ionchúiseamh le liosta smachtbhannaí an Aontais; á iarraidh go scaoilfí saor gach saoránach ón Úcráin atá á gcoinneáil go neamhdhleathach ag an Rúis;

2. ag cáineadh gur dhírigh an Rúis d'aon ghnó ar leanaí ón Úcráin trí bhearta lena n-áirítear iad a aistriú le forneart laistigh de chríoch na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach ag an Rúis, iad a dhíbirt go neamhdhleathach chuig an Rúis agus chuig an mBealarúis, uchtuithe neamhdhleathacha agus iarrachtaí chun 'athoideachas', mar a thugtar air, a fhorchur; ag athdhearbhú gur iarr sí ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle pacáiste cosanta leanaí idir an tAontas agus an Úcráin a ghlacadh do leanaí atá ag teitheadh ón gcogadh nó atá thíos leis an gcogadh;

3. ag cáineadh go bhfuiltear ag díriú ar leanaí, agus ag déanamh ionchúiseamh agus céasadh orthu, i gcásanna coinbhleachta armtha, mar aon le géarleanúint agus céasadh na leanaí sin, agus ionsaithe díreacha ar réada atá faoi chosaint faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear scoileanna agus ospidéil;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí atá thíos le coinbhleacht armtha a chosc agus deireadh a chur leo; á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht ag baint leis an gclár oibre maidir le leanaí agus coinbhleachtaí armtha a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais, agus i mbeartais frithsceimhlitheoireachta agus slándála, lena gcomhtháthaítear é in oibríochtaí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, sna hathchóirithe ar an earnáil slándála agus san idirghabháil;

5. á threorú dá hUachtarán go ndéanfaí an rún seo a chur ar aghaidh chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig Oifig Ionadaí Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um Fhoréigean in aghaidh Leanaí, chuig Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, chuig Rialtas Chónaidhm na Rúise agus chuig údaráis na Bealarúise.